

CARRAIG MHÁIRÍN.

Bhí bean ar an mbaile seo gainne , Roisín na mBaníoc Máire Ní Iarainín a bhí uirthi. Ní raibh bean ar bith ba mó dúil in eascannaí. Ní raibh aon bhreac eile dá sású ach eascannaí bhíodh sí ag imteacht chun an chladaigh chuile tráigh mhór ag iarraidh eascannaí. Chuaidh sí an lá seo chun an chladaigh agus casadh in áit í a raibh aice agus eascoin ann faoi charraig. Thosuigh sí dá sainneáil le maide. Chuir an eascoin a drioball amach agus chrom an bhean gur rug sí ar drioball uirthi le n-a fiacra go dtarraingighfeadh sí amach í.

Chas an eascoin uirthi agus rug sí ar chluais ar an mbean agus bhain sí dí an chluais. Mharbuigh sí an eascoin agus thug sí léithe abhaile í agus d'ith sí í. Is iomdha duine nach n-fadh í agus píosa de féin ithte aice. Tá Carraig Mháirín baiste ó shoin ar an gcarraig.

10/7/30